Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**15222/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0232(COD)**

**SOC 764**
**EMPL 501**
**SAN 723**
**CODEC 1774**
**IA 186**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Athbhreithniú ar Threoir 2004/37/CE maidir le carcanaiginí, só-ghineacha agus substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh ag an obair (an séú baisc) – *Cur chuige ginearálta* |

## I. RÉAMHRÁ

An 18 Iúil 2025, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle agus Pharlaimint na hEorpa togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2004/37/CE a mhéid a bhaineann le substaintí a chur léi agus teorainnluachanna a leagan síos in Iarscríbhinní I, III agus IIIa a ghabhann léi[1]. Is é seo an séú leasú ar Threoir 2004/37/CE maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí, do shó-ghineacha nó do shubstaintí atá tocsaineach don atáirgeadh ag an obair.

Is é is aidhm don togra feabhas a chur ar chosaint oibrithe ar cheimiceáin chontúirteacha san ionad oibre *inter alia* trí theorainneacha nochta a leagan síos do chóbalt agus dá chomhdhúile neamhorgánacha, do hidreacarbóin iltimthriallacha aramatacha (PAHanna) agus do 1,4-dé-ocsán, agus trí mhúch tháthúcháin a chur le liosta na substaintí, na meascán agus na bpróiseas in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir.

[1] 11823/25 + ADD1

Is é Airteagal 153(2), pointe (b), i gcomhar le hAirteagal 153(1), pointe (a) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (an gnáthnós imeachta reachtach) bunús dlí an togra.

Iarradh tuairimí ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus ó Choiste Eorpach na Réigiún an 16 Meán Fómhair 2025. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim[2] uaidh an 23 Deireadh Fómhair 2025. Chinn Coiste Eorpach na Réigiún gan tuairim a thabhairt uaidh maidir leis an togra, mar a fógraíodh trí litir thréigin[3] an 13 Deireadh Fómhair 2025.

I bParlaimint na hEorpa, is ar an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta atá an phríomhfhreagracht. Ceapadh Liesbet Sommen (PPE, BE) ina Rapóirtéir. Meastar go nglacfaidh Parlaimint na hEorpa a sainordú caibidlíochta in 2026.

D'eisigh parlaimintí náisiúnta na hIodáile[4] agus na Spáinne[5] tuairimí maidir leis an togra ón gCoimisiún.

## II. STAID NA hIMEARTHA SA CHOMHAIRLE

Phléigh an Mheitheal um Cheisteanna Sóisialta an togra ag na cruinnithe a bhí aici an 1 Meán Fómhair, an 9 Meán Fómhair, an 1 Deireadh Fómhair, an 21 Deireadh Fómhair agus an 11 Samhain. Leis an téacs comhréitigh atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo, bailíodh an tacaíocht is gá ar leibhéal na Meithle. Le linn na céime scrúdaithe sin, rinneadh an chéad athbhreithniú dlítheangeolaíoch ar an téacs.

Ag an gcruinniú a bhí aige an 19 Samhain, scrúdaigh Coiste na mBuanionadaithe an téacs comhréitigh[6] a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo agus chomhaontaigh sé é a chur faoi bhráid na Comhairle (EPSCO) d'fhonn teacht ar chur chuige ginearálta ag an seisiún a bheidh aici an 1 Nollaig 2025. Cuireadh Coiste na mBuanionadaithe ar an eolas freisin faoi na freagraí ar an gceistneoir maidir leis an Measúnú Tionchair a ghabhann leis an togra ón gCoimisiún[7].

---

[2] 14688/25
[3] 14318/25
[4] 14193/25, 15377/25, 15381/25
[5] 14490/25
[6] 15172/25
[7] 15172/25 ADD1

## III. TOGRA COMHRÉITIGH ÓN UACHTARÁNACHT

Áirítear an méid seo a leanas ar na príomhathruithe ar an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht i gcomparáid leis an togra ón gCoimisiún:

**Riosca ailse iarmharach (Aithris 2a)**

I gcomhréir le hathbhreithnithe a rinneadh roimhe seo ar Threoir 2004/37/CE, cuireadh aithris isteach chun a rá, cé nach gcuirtear deireadh go hiomlán leis na rioscaí do shláinte agus do shábháilteacht oibrithe a eascraíonn as nochtadh ag an obair (riosca iarmharach) trí theorainnluachanna a leagan síos maidir le nochtadh do charcanaiginí agus do shó-ghineacha, go rannchuidítear, mar sin féin, le laghdú suntasach a dhéanamh ar na rioscaí a eascraíonn as an nochtadh sin.

**Treoraíocht maidir le múch tháthúcháin (Aithris 3)**

Tugadh isteach tagairt in Aithris 3 chun béim a leagan ar a thábhachtaí atá sé tuilleadh treoraíochta a fhorbairt maidir le múch tháthúcháin, rud a mhol an Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair go láidir. D'fhéadfadh an treoraíocht sin, bunaithe ar an bhfianaise eolaíoch is déanaí, cúnamh a thabhairt do chuideachtaí agus do chigirí saothair chun a áirithiú go gcomhlíonfar an iontráil maidir le múch tháthúcháin in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir, agus chun íosleibhéal comhchoiteann cosanta a chur chun cinn do gach oibrí a nochtar do mhúch táthúcháin.

**Teorainnluach bitheolaíoch 1,4-dé-ocsáin (iontráil Iarscríbhinn IIIa, Aithris 9)**

Maidir leis an teorainnluach bitheolaíoch a thugtar isteach leis an athbhreithniú in Iarscríbhinn IIIa a ghabhann leis an Treoir le haghaidh 1,4-dé-ocsáin, cuireadh foclaíocht bhreise isteach chun a léiriú gur cheart é a thomhas ag deireadh an nochta nó an athraithe, i gcomhréir le dlíthe náisiúnta agus/nó leis an gcleachtas náisiúnta. Ba cheart a thabhairt faoi deara gur thagair tuairimí an Choiste Comhairligh um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair agus Choiste um Measúnú Riosca na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán araon do dheireadh an nochta nó an athraithe i ndáil leis an teorainnluach bitheolaíoch le haghaidh 1,4-dé-ocsáin.

**Míniú ar mhodhnú na hiontrála maidir le mearcair in Iarscríbhinn III (Aithris 9a)**

Cuireadh aithris isteach chun a mhíniú go gceartaítear leis an athbhreithniú foclaíocht na hiontrála atá ann cheana maidir le 'mearcair agus comhdhúile mearcair neamhorgánacha défhiúsacha lena n- áirítear ocsaíd mhearcarach agus clóiríd mhearcarach' in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an treoir atá ann faoi láthair. Bhí gá leis an athrú sin ionas nach dtagraíonn an iontráil ach don mhearcair agus do na comhdhúile mearcair neamhorgánacha défhiúsacha sin a thagann faoi raon feidhme Threoir 2004/37/CE.

**Leasú ar na sainmhínithe ar 'carcanaigin', 'só-ghineach' agus 'substaint atá tocsaineach don atáirgeadh' (Airteagal 1)**

Agus iontráil ina bhfuil éifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith tocsaineach don atáirgeadh (múch tháthúcháin) á háireamh den chéad uair in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir, ba ghá na sainmhínithe ar 'carcanaigin', 'só-ghineach' agus 'substaint atá tocsaineach don atáirgeadh' sa Treoir a thabhairt cothrom le dáta, ós rud é nach ndéantar tagairt faoi láthair ach sna sainmhínithe ar 'carcanaigin' agus ar 'só-ghineach' d'iontrálacha in Iarscríbhinn I, gan idirdhealú a dhéanamh idir na héifeachtaí carcanaigineacha, só-ghineacha nó tocsaineacha don atáirgeadh atá ag substaintí, meascáin nó próisis a liostaítear in Iarscríbhinn I.

**Isipréin a áireamh i raon feidhme na Treorach (iontráil Iarscríbhinn III, Aithris 8a)**

Tá teorainnluach nochta ceirde le haghaidh isipréine sa téacs comhréitigh – substaint nár áiríodh sa togra ón gCoimisiún. Maidir le hisipréin, chinn an Coimisiún gan moltaí an Choiste um Measúnú Riosca agus an Choiste Comhairligh um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair teorainnluach nochta ceirde a shocrú a leanúint mar gheall ar thorthaí an staidéir atá mar bhonn taca le Measúnú Tionchair an Choimisiúin, inar léiríodh, sa chleachtas, go nochtar oibrithe do leibhéil isipréine níos ísle ná an teorainnluach a dhíorthaigh an Coiste um Measúnú Riosca ina thuairim. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur leor an cosc atá ann faoi láthair ar nochtadh ceirde d'isipréin agus chinn sé ar an mbonn sin gan teorainnluach nochta ceirde ar leibhéal an Aontais a mholadh.

Mar sin féin, i gcomhthéacs an phlé a rinne an Mheitheal um Cheisteanna Sóisialta, thacaigh líon suntasach toscaireachtaí le hisipréin a áireamh i raon feidhme na Treorach ar an iliomad cúiseanna.

D'áitigh na toscaireachtaí, *inter alia*, gur cheart forlámhas a bheith ag an ngá atá le gníomhaíocht choisctheach chun sláinte oibrithe a chosaint, ós rud é, mar a aithnítear sa mheasúnú tionchair agus sa tuarascáil staidéir, go bhfuil sonraí maidir le nochtadh d'isipréin teoranta i gcónaí agus nach féidir conclúidí ar thángthas orthu maidir leis na sonraí teoranta sin a mheas mar chonclúidí uileghabhálacha; go n-áiritheofaí deimhneacht dhlíthiúil agus cothrom iomaíochta dá socrófaí teorainnluach nochta ceirde ar leibhéal an Aontais, agus ag an am céanna go laghdófaí an t-ualach riaracháin a bhaineann le cuideachtaí agus údaráis a bhunaíonn a dteorainnluachanna féin agus a bhainistíonn rioscaí, agus úsáid á baint as an obair theicniúil a rinneadh cheana chun an teorainnluach nochta ceirde ar leibhéal an Aontais a dhíorthú; gur dócha go mbeidh na costais chomhlíontachta an-teoranta; agus gur cheart toradh phróiseas trípháirteach an Choiste Comhairligh um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair a urramú.

Agus na hargóintí uile thuas á gcur san áireamh, agus i gcomhréir le prionsabal an réamhchúraim agus leis an gcuspóir sláinte oibrithe a chosaint, rinneadh an cinneadh isipréin a áireamh i raon feidhme na Treorach, agus an teorainnluach nochta ceirde a mhol an Coiste um Measúnú Riosca agus an Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair á shocrú.

**IV. CONCLÚID**

Iarrtar ar an gComhairle teacht ar chur chuige ginearálta maidir leis an téacs mar a leagtar amach san iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo é agus sainordú a thabhairt don Uachtaránacht dul i mbun caibidlíocht le Parlaimint na hEorpa maidir leis an gcomhad.

**IARSCRÍBHINN**

2025/0232 (COD)

Togra le haghaidh

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Treoir 2004/37/CE a mhéid a bhaineann le substaintí a chur léi agus teorainnluachanna a leagan síos in Iarscríbhinní I, III agus IIIa a ghabhann léi**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 153(2), pointe (b), i gcomhar le hAirteagal 153(1), pointe (a) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

[1] IO C […], […], lch. […]..
[2] IO C […], […], lch. […]..

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun feabhas a chur ar chosaint oibrithe ar rioscaí a eascraíonn as nochtadh do charcanaiginí, só-ghineacha nó substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh ag an obair agus chun an t-íosleibhéal cosanta céanna a áirithiú ar fud an Aontais, is gá nuashonrú rialta a dhéanamh ar Threoir 2004/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3]. Ba cheart teorainnluachanna nochta ceirde a bhunú nó a athbhreithniú i bhfianaise na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear fianaise eolaíoch agus sonraí teicniúla atá cothrom le dáta, agus ba cheart iad a bheith bunaithe ar mheasúnú críochnúil ar an tionchar socheacnamaíoch agus ar fhachtóirí indéantachta. Ba cheart a áireamh san fhaisnéis sin, más féidir, tuairimí ó Choiste um Measúnú Riosca na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (ECHA), arna bunú le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4], agus tuairimí ón gCoiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, arna bhunú le Cinneadh ón gComhairle an 22 Iúil 2003[5].

[3] Treoir 2004/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí, só-ghineacha nó substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh ag an obair (an Séú Treoir aonair de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE ón gComhairle) (leagan códaithe), (IO L 158, 30.4.2004, lch. 50).

[4] Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n- aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1907/oj).

[5] Cinneadh ón gComhairle an 22 Iúil 2003 lena mbunaítear Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (IO C 218, 13.9.2003, lch. 1).

(2) Cumhdaítear le Treoir 2004/37/CE substaintí nó meascáin a chomhlíonann na critéir le haghaidh a n-aicmithe mar charcanaigin, só-ghineach nó substaint atá tocsaineach don atáirgeadh de chatagóir 1A nó 1B, a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], chomh maith leis na substaintí, na meascáin nó na próisis dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin. Is gá fianaise eolaíoch láidir a sholáthar maidir le haon ábhair nua a chuirtear le liosta na substaintí, na meascán agus na bpróiseas dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2004/37/CE chun a léiriú go dtagann na substaintí, na meascáin agus na próisis sin faoi raon feidhme na Treorach sin, bunaithe ar a bhfuil ar fáil d'fhoinsí eolaíocha bailí, cuir i gcás ECHA, an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta um Thaighde ar Ailse agus comhlachtaí náisiúnta, agus aird ar leith á tabhairt ar litríocht fhoilsithe phiarmheasúnaithe maidir leis na substaintí, na meascáin agus na próisis sin.

(2a-nua) Ní féidir, ó thaobh na heolaíochta de, leibhéil a shainaithint nach mbeadh éifeachtaí díobhálacha sláinte ann mar thoradh ar nochtadh do shó-ghineacha nó d'fhormhór na gcarcanaiginí faoina mbun. Bíodh is nach leor teorainnluachanna maidir le nochtadh do charcanaiginí agus só-ghineacha san ionad oibre a leagan síos i dTreoir 2004/37/CE chun na rioscaí do shláinte agus sábháilteacht na n-oibrithe as nochtadh dóibh ag an obair (an riosca iarmharach) a dhíothú ina n-iomláine, ní beag an cúnamh é, mar sin féin, mar go laghdaítear go mór na rioscaí a eascraíonn as an nochtadh sin tríd an gcur chuige céimnitheach cuspóirdhírithe a glacadh sa Treoir sin.

[6] Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoracha 67/548/CEE agus 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1).

(3) Rinne an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta um Thaighde ar Ailse múch tháthúcháin a aicmiú mar shubstaint atá 'carcanaigineach don duine' (Grúpa 1 d'aicmiú na Gníomhaireachta). De réir chreatstaidéar ECHA[7], tá múch tháthúcháin coimpléascach agus d'fhéadfadh carcanaiginí, só-ghineacha nó substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh a bheith inti, cuir i gcás comhdhúile cróimiam(VI), comhdhúile nicile, agus caidmiam agus comhdhúile neamhorgánacha caidmiam. Cuireann coimpléascacht agus ilchineálacht na múiche táthúcháin, mar aon leis an easpa aicmiú comhchuibhithe i Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, cuireann siad leis an easpa soiléireachta maidir leis an gcontúirt a d'fhéadfadh a bheith ag baint léi d'oibrithe, agus dá bhrí sin, leis an easpa bearta bainistithe riosca iomchuí san áit oibre. Dá dtabharfaí aghaidh ar an easpa aicmithe sin le haghaidh múch tháthúcháin ar leibhéal an Aontais, d'áiritheofaí tuilleadh soiléireacht dhlíthiúil i dtaobh chur i bhfeidhm Threoir 2004/37/CE. Is iomchuí, dá bhrí sin, i gcomhréir le tuairim an Choiste Chomhairligh um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair[8], go n-áireofaí in IarscríbhinnI a ghabhann le Treoir 2004/37/CE obair a bhaineann le nochtadh do mhúch ó phróisis táthúcháin ina bhfuil substaintí nó meascáin a chomhlíonann na critéir le haghaidh a n-aicmithe mar charcanaigin, só-ghineach nó substaint atá tocsaineach don atáirgeadh de chatagóir 1A nó 1B, a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008. Sa tuairim uaidh an 22 Meán Fómhair 2023 maidir le múch tháthúcháin, mhol an Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair go láidir go ndéanfaí treoir maidir le múch tháthúcháin a fhorbairt. Anuas ar an treoir dá bhfuil ann cheana, mar shampla, an Treoir do Chigirí Náisiúnta Saothair maidir le haghaidh a thabhairt ar rioscaí sláinte ó Mhúch Tháthúcháin[9], a d'fhorbair Coiste na Cigirí Sinsearacha Saothair in 2018, d'fhéadfadh treoir bhreise, agus í bunaithe ar an bhfianaise eolaíoch is déanaí, a bheith ina cúnamh ríthábhachtach do chigirí saothair agus gnólachtaí, go háirithe FBManna agus micrifhiontair, chun a áirithiú go gcomhlíonfar an iontráil ábhartha maidir le múch tháthúcháin in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2004/37/CE. D'fhéadfaí an treoir sin a úsáid, *inter alia*, chun íosleibhéal coiteann cosanta a chur chun cinn do gach oibrí a nochtar do mhúch tháthúcháin ar fud na mBallstát.

---

[7] ECHA (2022), *Scoping Study report for evaluation of limit values for welding fumes and fumes from other processes that generate fume in a similar way at the workplace* [Tuarascáil Chreatstaidéir chun meastóireacht a dhéanamh ar theorainnluachanna le haghaidh múch tháthúcháin agus múch ó phróisis eile lena ngintear múch ar an gcaoi chéanna san áit oibre], ar fáil ag: report_welding_fumes_en.pdf (europa.eu)

[8] An Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (2023), Tuairim maidir le hobair a thabhairt isteach lena mbaineann nochtadh do mhúch ó phróisis táthúcháin ina bhfuil substaintí a chomhlíonann na critéir le haghaidh a n-aicmithe mar charcanaigin, só-ghineach nó substaint atá tocsaineach don atáirgeadh de chatagóir 1A/1B, a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán CLP, Doic. 006/23, ar fáil ag: ACSH Adopted opinion Welding fumes 22.09.23-EN.pdf (europa.eu)

[9] Coiste na gCigirí Sinsearacha Saothair (2018), *Guidance for National Labour Inspectors on addressing health risks from Welding Fume* [Treoir le haghaidh na gCigirí Náisiúnta Saothair maidir le haghaidh a thabhairt ar rioscaí sláinte ó Mhúch Tháthúcháin]. Ar fáil ag: https://circabc.europa.eu/ui/group/fea534f4-2590-4490-bca6-504782b47c79/library/2997b89a-1fbd-4f35-9874-9a9b5ea1a403?p=1&n=-1&sort=name_ASC

Is iomchuí don Choimisiún freisin tosaíocht a thabhairt don mheasúnú ar a úsáidí a bheadh treoir bhreise i gcomhthéacs na meastóireachta ar Chreat Straitéiseach reatha an Aontais maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair agus i gcomhthéacs an Chreata Straitéisigh a d'fhéadfadh an tAontas a fhorbairt le haghaidh na tréimhse tar éis 2027.

(4) Comhlíonann miotal cóbailt agus roinnt comhdhúile cóbailt na critéir le haghaidh a n-aicmithe mar shubstaint atá carcanaigineach agus tocsaineach don atáirgeadh (catagóir 1B) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 agus, dá bhrí sin, is carcanaiginí nó substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh iad de réir bhrí Threoir 2004/37/CE. Is minic a nochtar oibrithe do mheascán de chomhdhúile cóbailt agus ba cheart teorainnluachanna nochta ceirde a chur i bhfeidhm maidir le gach comhdhúil neamhorgánach cóbailt. Is iomchuí, dá bhrí sin, ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla, teorainnluach a bhunú le haghaidh cóbailt agus a chomhdhúl neamhorgánach i dTreoir 2004/37/CE.

(5) Chomhaontaigh an Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, ar bhonn na tuairime ón gCoiste um Measúnú Riosca[10], go bhféadfadh íogrú deirmeach agus íogrú na conaire riospráide a bheith mar thoradh ar nochtadh do chóbalt agus dá chomhdhúile neamhorgánacha san ionad oibre. Dá bhrí sin, is iomchuí teorainnluachanna a bhunú le haghaidh codáin in-ionanálaithe agus inanálaithe cóbailt agus a chomhdhúl neamhorgánach faoi raon feidhme Threoir 2004/37/CE agus nodaireacht maidir le híogrú deirmeach agus riospráide a shannadh dó.

(6) I gcás cóbailt agus a chomhdhúl neamhorgánach, tuartar go mbeidh sé deacair cloí le teorainnluach 0.01 mg/m³ don chodán in-ionanálaithe agus 0.0025 mg/m³ don chodán inanálaithe sa ghearrthéarma. Is iomchuí, dá bhrí sin, idirthréimhse 6 bliana a thabhairt isteach tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo, tréimhse ar cheart feidhm a bheith ag na teorainnluachanna 0.02 mg/m³ (codán in-ionanálaithe) agus 0.0042 mg/m³ (codán inanálaithe) lena linn.

(7) Tá meascáin áirithe de hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha ann, go háirithe iad siúd ina mbíonn beinsi[a]piréin, a chomhlíonann na critéir le haghaidh a n-aicmithe mar charcanaiginí, só-ghineacha, nó substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh (catagóir 1A nó 1B) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, agus a thagann, dá bhrí sin, faoi raon feidhme Threoir 2004/37/CE. Shainaithin an Coiste um Measúnú Riosca[11] go bhféadfaí méideanna móra de na meascáin sin a ionsú tríd an gcraiceann agus d’aontaigh an Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair lena thábhachtaí atá sé teorainnluach nochta ceirde a thabhairt isteach le haghaidh na meascán uile de hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha a thagann faoi raon feidhme Threoir 2004/37/CE, arna dtomhas mar bheinsi(a)piréin, agus an nodaireacht maidir le craiceann atá in Iarscríbhinn III cheana féin a choinneáil.

[10] https://echa.europa.eu/oels-activity-list/-/substance-rev/69405
[11] https://echa.europa.eu/oels-activity-list/-/substance-rev/63901

(8) Maidir le meascáin de hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha, is intuartha go mbeidh sé deacair ar roinnt earnálacha cloí le teorainnluach 0.00007 mg/m³ (arna thomhas mar bheinsi[a]piréin) sa ghearrthéarma. Is iomchuí, dá bhrí sin, idirthréimhse 6 bliana a thabhairt isteach tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo, tréimhse ar cheart feidhm a bheith ag an teorainnluach 0.00014 mg/m³ (arna thomhas mar bheinsi(a)piréin) lena linn. Ba cheart an idirthréimhse sin a theorannú do na hearnálacha seo a leanas: (a) teilgcheártaí cruach agus iarainn, lena n-áirítear monaróirí fearó-chóimhiotail; (b) monaróirí alúmanaim; (c) monaróirí leictreoidí graifíte agus carbóin; (d) gléasraí cóic; (e) driogadh tarra guail; (f) monaróirí táirgí teasfhulangacha; (g) táthú rianta traenach; (h) próisis mhiotalóireachta neamhfheiriúla eile; agus (i) teilgean miotal.

(8a-nua) Comhlíonann isipréin na critéir le haghaidh a haicmithe mar shubstaint charcanaigineach (catagóir 1B) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 agus, dá bhrí sin, is carcanaigin í de réir bhrí Threoir 2004/37/CE. Is iomchuí, dá bhrí sin, bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla, lena n-áirítear na tuairimí ón gCoiste um Measúnú Riosca[12] agus ón gCoiste Comhairleach um Shláinte agus Sábháilteacht ag an Obair, teorainnluach fadtéarmach nochta ceirde dar luach 8.5 mg/m³ (3 ppm) a bhunú.

(9) Comhlíonann 1,4-dé-ocsán na critéir le haghaidh a aicmithe mar shubstaint charcanaigineach (catagóir 1B) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 agus, dá bhrí sin, is carcanaigin é de réir bhrí Threoir 2004/37/CE. Is iomchuí, dá bhrí sin, bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla, mar aon leis na tuairimí ón gCoiste um Measúnú Riosca[13] agus ón gCoiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, teorainnluach nochta ceirde fadtéarmach agus gearrthéarmach dar luach 7.3 mg/m³ (2 ppm) agus 73 mg/m³ (20 ppm), faoi seach, a bhunú, arna bhforlíonadh le nodaireacht maidir le craiceann agus teorainnluach bitheolaíoch 45 mg HEAA i gcréitínín fuail/g, arna thomhas ag deireadh an nochta nó an tseala, i gcomhréir le dlíthe agus/nó cleachtas náisiúnta.

[12] https://echa.europa.eu/oels-activity-list/-/substance-rev/62301/term
[13] https://echa.europa.eu/oels-activity-list/-/substance-rev/61801

(9a-nua) Le Treoir (AE) 2022/431 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, leathnaíodh raon feidhme Threoir 2004/37/CE chun substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh a áireamh, lena n-áirítear mearcair agus comhdhúile neamhorgánacha défhiúsacha mearcair, a cuireadh le hIarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2004/37/CE. Ós rud é nach féidir gach comhdhúil neamhorgánach défhiúsach mearcair a aicmiú mar shubstaint atá tocsaineach don atáirgeadh, is gá a shoiléiriú nach bhfuil feidhm ag an teorainnluach ach amháin maidir le mearcair agus comhdhúile neamhorgánacha défhiúsacha mearcair a thagann faoi raon feidhme Threoir 2004/37/CE. Dá bhrí sin, ba cheart an téarma 'mearcair agus comhdhúile neamhorgánacha défhiúsacha mearcair a thagann faoi raon feidhme Threoir 2004/37/CE (arna dtomhas mar mhearcair)' a chur in ionad an téarma 'mearcair agus comhdhúile neamhorgánacha mearcair lena n-áirítear ocsaíd mhearcarach agus clóiríd mhearcarach (arna dtomhas mar mhearcair)'.

(10) Rinne an Coimisiún comhairliúchán dhá chéim le comhpháirtithe leasmhara sóisialta i gcomhréir le hAirteagal 154 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Chuaigh sé i gcomhairle freisin leis an gCoiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, a bhfuil tuairimí glactha aige maidir leis na substaintí uile atá faoi réir na Treorach seo agus a mhol teorainnluach ceangailteach amháin nó níos mó le haghaidh gach ceann díobh, chomh maith le nodaireachtaí agus luachanna idirthréimhseacha le haghaidh cuid díobh, i gcás inarb iomchuí. Ba cheart go bhfágfadh luachanna idirthréimhseacha go mbeadh fostóirí in ann na hinfheistíochtaí is gá a dhéanamh i mbearta breise bainistithe riosca agus modhanna teicniúla a fhorbairt chun an comhlíonadh a áirithiú. I ndáil leis sin, d'fhéadfadh cláir de chuid an Aontais atá ann cheana, Fís Eorpach, mar shampla, a bheith ina gcabhair le réitigh nuálacha a fhorbairt chun sláinte na n-oibrithe a chosaint.

(11) Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear comhairliúchán ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[14]. Agus teorainnluachanna á mbunú nó á n-athbhreithniú aige, ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle leis an gCoiste um Measúnú Riosca agus an Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair chun a áirithiú go bhfuil na teorainnluachanna sin bunaithe ar fhianaise, comhréireach agus intomhaiste.

[14] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

(12) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir na Treorach seo, mar atá, oibrithe a chosaint ar nochtadh do charcanaiginí, só-ghineacha agus substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh, a bhaint amach agus iad ag gníomhú ina n-aonair, ach gur féidir, de bharr a fhairsinge nó a éifeachtaí, an cuspóir sin a ghnóthú níos fearr an leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

(12a-nua) Dá bhrí sin, ba cheart Treoir 2004/37/CE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Treoir 2004/37/CE mar a leanas:

(1-nua) In Airteagal 2, cuirtear an méid a leanas in ionad phointí (a), (b) agus (ba):

‘(a) ciallaíonn ‘carcanaigin’:

(i) substaint nó meascán a chomhlíonann na critéir lena haicmiú nó lena aicmiú mar charcanaigin de chatagóir 1A nó 1B, a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*;

(ii) substaint, meascán nó próiseas dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo chomh maith le substaint nó meascán a scaoiltear trí phróiseas dá dtagraítear san Iarscríbhinn sin, a áirítear sa liosta a leagtar amach san Iarscríbhinn sin i ngeall ar a éifeachtaí carcanaigineacha;

(b) ciallaíonn ‘só-ghineach’:

(i) substaint nó meascán a chomhlíonann na critéir lena haicmiú nó lena aicmiú mar shó-ghineach gaiméite de chatagóir 1A nó 1B, a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008;

(ii) substaint, meascán nó próiseas dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo chomh maith le substaint nó meascán a scaoiltear trí phróiseas dá dtagraítear san Iarscríbhinn sin, a áirítear sa liosta a leagtar amach san Iarscríbhinn sin i ngeall ar a éifeachtaí só-ghineacha;

(ba) ciallaíonn ‘substaint atá tocsaineach don atáirgeadh’:

(i) substaint nó meascán a chomhlíonann na critéir lena haicmiú nó lena aicmiú mar shubstaint atá toscaineach don atáirgeadh de chatagóir 1A nó 1B, a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008;

(ii) substaint, meascán nó próiseas dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo chomh maith le substaint nó meascán a scaoiltear trí phróiseas dá dtagraítear san Iarscríbhinn sin, a áirítear sa liosta a leagtar amach san Iarscríbhinn sin i ngeall ar a éifeachtaí atá tocsaineach don atáirgeadh;

______________

* Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoracha 67/548/CEE agus 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1).'

(2) Leasaítear Iarscríbhinní I, III agus IIIa a ghabhann le Treoir 2004/37/CE i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo.

*Airteagal 2*

1. Na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, tabharfaidh na Ballstáit i bhfeidhm iad faoin […] [2 bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo]. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin láithreach.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na bearta sin, áireofar tagairt don Treoir seo iontu nó beidh an tagairt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a leagfaidh síos an bealach a ndéanfar na tagairtí sin.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhbhearta an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

## IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní I, II, IIIa a ghabhann le Treoir 2004/37/CE mar a leanas:

(0-nua) in Iarscríbhinn I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

'An liosta substaintí, meascán agus próiseas (Airteagal 2, pointí (a)(ii), (b)(ii) agus (ba)(ii))'

(1) in Iarscríbhinn I, cuirtear pointe 9 isteach mar a leanas:

'9. Obair lena mbaineann nochtadh do mhúch ó phróisis táthúcháin ina bhfuil substaintí nó meascáin a chomhlíonann na critéir le haghaidh a n-aicmithe mar charcanaigin, só-ghineach nó substaint atá tocsaineach don atáirgeadh de chatagóir 1A nó 1B, a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) 1272/2008[15];

(2) in Iarscríbhinn III, leasaítear pointe A mar a leanas:

(a) sa Tábla, cuirtear an méid seo a leanas in áit an ró a bhaineann le meascáin de hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha, go háirithe iad siúd ina bhfuil beinsi[a]piréin, ar carcanaiginí iad de réir bhrí na Treorach seo:

'

| Ainm an oibreáin | Uimh. EC (1) | Uimh. CAS (2) | Teorainnluachanna | | | | | | Nodaireacht | Bearta idirthréimhseacha |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | 8 n-uaire an chloig (3) | | | Gearrthéarmach (4) | | | | |
| | | | $mg/m^3$ (5) | ppm (6) | f/ml (7) | $mg/m^3$ (5) | ppm (6) | f/ml (7) | | |
| Meascáin de hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha ina bhfuil beinsi[a]piréin, ar carcanaiginí, só-ghineacha nó substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh iad de réir bhrí na Treorach seo | | | 0.00007(*2) | | | | | | Craiceann (10) | *Teorainnluach 0.00014(*2) go dtí ...[IO: 6 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí] teoranta do na hearnálacha seo a leanas: (1) teilgcheártaí cruach agus iarainn, lena n-áirítear monaróirí fearó-chóimhiotail, (2) monaróirí alúmanaim, (3) monaróirí leictreoidí graifíte* |

[15] Ní rachaidh an nochtadh thar an teorainnluach maidir le carcanaigin, só-ghineach nó substaint atá tocsaineach don atáirgeadh mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III é i gcás ina scaoiltear na substaintí sin le linn an phróisis táthúcháin.

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | | | *agus carbóin, (4) gléasraí cóic, (5) driogadh tarra guail, (6) monaróirí táirgí teasfhulangacha, (7) táthú rianta traenach, (8) próisis mhiotalóireachta neamhfheiriúla eile, (9) teilgean miotal.* |

’

(b) sa Tábla, cuirtear an méid seo a leanas in áit an ró a bhaineann le mearcair agus comhdhúile mearcair neamhorgánacha défhiúsacha lena n-áirítear ocsaíd mhearcarach agus clóiríd mhearcarach (arna dtomhas mar mhearcair):

‘

| Ainm an oibreáin | Uimh. EC (1) | Uimh. CAS (2) | Teorainnluachanna | | | | | | Nodaireacht | Bearta idirthréimhseacha |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | 8 n-uaire an chloig (3) | | | Gearrthéarmach (4) | | | | |
| | | | mg/m³ (5) | ppm (6) | f/ml (7) | mg/m³ (5) | ppm (6) | f/ml (7) | | |
| Mearcair agus comhdhúile neamhorgánacha défhiúsacha mearcair a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo (arna dtomhas mar mhearcair) | | | 0,02 | | – | – | – | – | | |

’;

(c) cuirtear na rónna seo a leanas isteach

‘

| Ainm an oibreáin | Uimh. EC (1) | Uimh. CAS (2) | Teorainnluachanna | | | | | | Nodaireacht | Bearta idirthréimhseacha |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | 8 n-uaire an chloig (3) | | | Gearrthéarmach (4) | | | | |
| | | | mg/m3 (5) | ppm (6) | f/ml (7) | mg/m3 (5) | ppm (6) | f/ml (7) | | |
| Cóbalt agus comhdhúile cóbailt neamhorgánacha | | | 0.01(17) 0.0025(18) | | – | – | – | – | íogrú craicinn agus riospráide(13) | *Teorainnluach 0.02(17) agus 0.0042(18) go dtí ...[IO: 6 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí]* |
| Isipréin | 201-143-3 | 78-79-5 | 8.5 | 3 | – | – | – | – | | |
| 1,4-dé-ocsán | 204-661-8 | 123-91-1 | 7.3 | 2 | | 73 | 20 | | Craiceann (10) | |

’;

(ca-nua) cuirtear na fonótaí (17) agus (18) seo a leanas leis na fonótaí tar éis an Tábla:

‘(17) Codán in-ionanálaithe, arna thomhas mar Chóbailt.

(18) Codán inanálaithe, arna thomhas mar Chóbailt.’

(d) cuirtear an fonóta (*2) seo a leanas leis na fonótaí tar éis an Tábla:

‘(*2) Arna thomhas mar bheinsi[a]piréin.’;

(1) Is í an uimhir EC, i.e. Einecs, ELINCS nó NLP, uimhir oifigiúil na substainte laistigh den Aontas Eorpach, mar a shainítear i Roinn 1.1.1.2 in Iarscríbhinn VI, Cuid 1, de Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008.

(2) Uimh. CAS: Uimhir Chláraithe Sheirbhís na gCoimrithe Ceimiceacha.

(3) Arna thomhas nó arna ríomh i dtaca le tréimhse thagartha 8 n-uaire an chloig mar mheán am-ualaithe.

(4) Teorainn nochta ghearrthéarmaigh. Teorainnluach nár cheart nochtadh a bheith ann os a chionn agus a mbaineann tréimhse 15 nóiméad leis mura sonrófar a mhalairt.

([5]) $mg/m^3$ = milleagram sa mhéadar ciúbach d’aer ag 20 °C agus 101.3 kPa (760 mm de bhrú mearcair).

([6]) ppm = codanna sa mhilliún de réir toirt san aer ($ml/m^3$).

([7]) f/ml = snáithíní sa mhillilítear.

([10]) D’fhéadfadh sé go gcuirfí go substaintiúil leis an ualach iomlán coirp trí nochtadh deirmeach.

([13]) D’fhéadfadh íogrú craicinn agus na conaire riospráide teacht as nochtadh don tsubstaint seo.

(3) in Iarscríbhinn IIIa, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

‘1,4-dé-ocsán

2. Is é 45 mg HEAA* i gcréitínín fuail/g an teorainnluach bitheolaíoch ceangailteach, arna thomhas ag deireadh an nochta nó an tseala, i gcomhréir le dlíthe agus/nó cleachtas náisiúnta.’

---

*aigéad (2-Hiodrocsa-eatocsa)icéiteach’.